AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2025
COM(2025) 981 final

2025/0397 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 agus Rialachán (AE) 2024/1244 a mhéid a bhaineann le simpliú roinnt ceanglas agus laghdú ar an ualach riaracháin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Ba cheart reachtaíocht an Aontais a cuspóirí beartais a chur i gcrích go héifeachtúil, go héifeachtach agus go tredhearcach. Cuireadh i dtábhacht sa 'Tuarascáil maidir le Todhchaí Iomaíochas na hEorpa' go mbeidh an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní fíor-riachtanach chun rathúnas eacnamaíoch, athléimneacht agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais a dhaingniú.[3] Leis an gCompás Iomaíochais don Aontas Eorpach, chuir an Coimisiún a straitéis i láthair le haghaidh na 5 bliana amach romhainn chun leas iomlán a bhaint as an aistriú sin.[4] Thairis sin, neartaigh an Coimisiún na spriocanna ó shin chun costais riaracháin a laghdú 25 % agus 35 % do ghnólachtaí (in éineacht leis na húdaráis phoiblí) agus d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, faoi seach([1]).

Is ann anois do chorpas láidir de dhlí comhshaoil de chuid an Aontais. Tugann an Coimisiún aird chúramach ar a dhualgas na dlíthe sin a bhainistiú go héifeachtach agus déanann sé cuid mhór infheistíochta in athbhreithniú a dhéanamh ([2]) ar a gcur i bhfeidhm chun a áirithiú go mbíonn an toradh orthu a bhí beartaithe agus go dtéitear i ngleic go luath le saincheisteanna achrannacha. Thairis sin, tá an Coimisiún tiomanta do 'thástáil struis' a dhéanamh ar gach dlí de chuid an Aontais le linn a théarma oifige reatha. Is é atá in ábhar an togra seo (agus tograí eile sa phacáiste 'omnibus') an toradh tosaigh ar 'thástáil struis' leanúnach an Choimisiúin i réimse an chomhshaoil ([3]) bunaithe ar phlé forleathan leis na páirtithe leasmhara trí chruinnithe ar an leibhéal polaitiúil, cruinnithe comhchéime, idirphlé maidir le cur chun feidhme, glao ar fhianaise agus ionchuir a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, gnólachtaí agus comhlachais gnólachtaí, meithleacha machnaimh agus údaráis phoiblí. Tugtar aghaidh leis an bpacáiste omnibus ar reachtaíocht a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, oibriú suiteálacha tionsclaíocha, bainistiú sonraí geospásúla, agus ceadú comhshaoil.

Cuid ríthábhachtach is ea an reachtaíocht thuas de chur i gcrích thiomantas an Aontais d'aistriú cóir glas agus digiteach, agus an athraithe i dtreo geilleagar ciorclach go háirithe. Tá sé tábhachtach go bhfeidhmíonn an reachtaíocht sin go maith, go n-úsáidfear í chun sócmhainní an Aontais a shlógadh ar nós an mhargaidh aonair agus nach n-úsáidfear í chun costais nach bhfuil gá leo a chur ar ghnólachtaí, ar údaráis phoiblí agus ar shaoránaigh.

Is é is aidhm don Rialachán sonrach sin atá beartaithe athbhreithnithe spriocdhírithe a dhéanamh ar na hionstraimí seo a leanas:

- Rialachán (AE) 2023/1542 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola([4]).
- Rialachán (AE) Uimh 2024/1244 maidir le tuairisciú sonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha, lena mbunaítear Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ([5]).

---

1 COM(2025) 47 final an 11 Feabhra 2025, '*Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú*'.

2 COM(2025) 420 final an 7 Iúil 2025, *Athbhreithniú 2025 ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil - Cur chun feidhme an bheartais comhshaoil ar mhaithe leis an rathúnas agus an tslándáil*.

3 Mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina treoirlínte polaitiúla do 2024-2029 '*Rogha na hEorpa*'.

4 Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE; IO L 191, 28.7.2023, lch. 1.

Áirítear sa togra seo leasuithe teoranta spriocdhírithe ar na Rialacháin thuas i réimse an chomhshaoil. Tá modhnuithe breise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na Rialacháin sin go hiomlán lasmuigh de raon feidhme agus d'aidhmeanna an togra seo. D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis na modhnuithe sin, de réir mar is iomchuí, i gcomhthéacs tástáil struis bhreise ar reachtaíocht chomhshaoil de chuid an Aontais a fógraíodh sa [Chumarsáid Achomair] agus i gclár Oibre an Choimisiúin 2026. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil ar bhealach cuiditheach leis na comhreachtóirí, chun a áirithiú go gcaomhnóidh an próiseas reachtach maidir leis an togra seo a chuspóir fíor-riachtanach go hiomlán agus nach saobhfaidh sé é.

An Rialachán maidir le Ceallraí

Sainmhíniú táirgeora a leasú le haghaidh cianchonarthaí

I gcás táirgeoirí nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát ina ndíolann siad ceallraí, faoi láthair is táirgeoirí a úsáideann cianchonarthaí, agus na táirgeoirí sin amháin, a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 2023/1542. Is gá a áirithiú go gcumhdaítear na táirgeoirí uile, gan beann ar an teicníc díolacháin a úsáidtear, sa sainmhíniú ar tháirgeoir i Rialachán (AE) 2023/1542. Dá bhrí sin, soiléirítear sa togra, maidir le monaróir, allmhaireoir nó dáileoir, nó aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach eile a dhíolann ceallraí i mBallstát agus atá bunaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír, go gcáilíonn sé mar tháirgeoir gan beann ar an modh díolacháin a úsáidtear, lena n-áirítear díolachán trí bhíthin cianchonarthaí.

Sainmhíniú a chur isteach ar shubstaintí arb údar mór imní iad

Ceanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2023/1542 faoi láthair gur cheart lipéad a bheith ar cheallraí le cur in iúl gur ann do shubstaintí guaiseacha. Mar sin féin, tá sainmhíniú na dtáirgí sin le haghaidh lipéadaithe doiléir ós rud é go sonraítear san aithris chomhfhreagrach gur cheart ceallraí a lipéadú leis an méid substaintí guaiseacha áirithe atá iontu. Dá bhrí sin, leis an togra, cuirtear isteach tuilleadh beachtais maidir le raon feidhme na substaintí is gá a lipéadú trí thagairt a dhéanamh do shubstaintí arb údar mór imní iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus Rialachán (CE) 1272/2008.

Eisiamh ceallra-phacaí ó cheanglais inbhainteachta agus in-athsholáthraitheachta

Ceanglaítear le Rialachán (AE) 2023/1542 faoi láthair ceallraí modhanna éadroma iompair a bheith inbhainte agus in-athsholáthraithe ar leibhéal na cille. D'fhéadfadh sé sin ceisteanna sábháilteachta a thabhairt i gceist nach raibh coinne leo mura gcuirtear cealla ceallraí eile in ionad cealla ceallraí fabhtacha sna dálaí cearta. Dá bhrí sin, chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an tslándáil agus an indeisitheacht, ba cheart ceallra-phacaí modhanna éadroma iompair a bheith inbhainte agus in-athsholáthraithe ag gairmithe neamhspleácha, ach ar leibhéal an mhodúil in ionad leibhéal na cille.

Simpliú an tuairiscithe iomarcaigh

Ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú agus tuairisciú gach 4 bliana maidir le cáilíocht na faisnéise a thuairiscíonn na Ballstáit go bliantúil maidir le bainistíocht dramhaíola ceallra. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar bhailiú sonraí, cruinneas

[5] Rialachán (AE) 2024/1244 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le tuairisciú sonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha, lena mbunaítear Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 166/2006; IO L, 2024/1244, 2.5.2024, lch. 1.

agus iontaofacht sonraí agus féadfaidh sé moltaí a dhéanamh maidir le feabhsuithe. An ceanglas atá ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí ó na Ballstáit agus tuarascáil a fhoilsiú maidir leis na sonraí sin, ba cheart é a scriosadh chun gur féidir próiseas athbhreithnithe sonraí níos inoiriúnaithe a bheith ann. Ba cheart don Choimisiún an cumas a choinneáil sonraí a mheasúnú de réir mar is gá agus a chinneadh ar bhonn lánroghnach an bhfuil sé iomchuí tuarascáil a fhoilsiú, agus íogaireacht sonraí, rúndacht, agus comhréireacht leis na hamlínte meastóireachta agus athbhreithnithe á gcur san áireamh.

An tairseach um astaíochtaí tionsclaíocha

Ceanglaítear ar oibreoirí faoi raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha sonraí a thuairisciú d'údaráis inniúla maidir le húsáid uisce, fuinnimh agus amhábhar ábhartha. Le hAirteagal 6(9) ceadaítear do na Ballstáit tuairisciú thar ceann oibreoirí beostoic agus dobharshaothraithe i leith scaoilte san aer, san uisce agus sa talamh.

Maidir leis an gceanglas atá ar oibreoirí beostoic agus dobharshaothraithe sonraí a thuairisciú maidir le húsáid uisce, fuinnimh agus amhábhar ábhartha, cheistigh roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara indéantacht an cheanglais sin agus an t-ualach a bhaineann leis. Mar fhreagra air sin, molann an Coimisiún oibreoirí beostoic agus dobharshaothraithe a dhíolmhú ó thuairisciú maidir le húsáid uisce, fuinnimh agus ábhar.

Thairis sin, molann an Coimisiún a cheadú do na Ballstáit oibreoirí táirgthe beostoic agus oibreoirí suiteálacha dobharshaothraithe a dhíolmhú ó thuairisciú maidir le haistrithe dramhaíola ón láithreán, aistrithe truailleán i bhfuíolluisce ón láithreán, an méid táirgeachta agus líon na n-uaireanta oibriúcháin, ar choinníoll gur féidir leis na Ballstáit an fhaisnéis sin a bhailiú ar mhodhanna eile. Más rud é go gcomhlíontar an coinníoll sin, ceadófar do na Ballstáit níos mó faisnéise a thuairisciú ná faisnéis maidir le scaoileadh san aer, san uisce agus sa talamh thar ceann oibreoirí aonair beostoic agus dobharshaothraithe.

Tionchar comhshaoil diomaibhseach a bheadh ag baint leis an athrú sin, ar athrú é a bhaineann leis an ualach a laghdú d'oibreoirí beostoic agus dobharshaothraithe trí bheith ag brath níos mó ar ghníomhaíocht na mBallstát chun faisnéis ábhartha a bhailiú agus feabhas a chur ar an bpróiseas le haghaidh tuairiscithe.

An coigilteas costais a bhaineann leis an mbeart, ba le haghaidh feirmeoirí agus oibreoirí dobharshaothraithe iad, a mbeadh ceanglais tuairiscithe laghdaithe orthu. Is iad na Ballstáit a mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil trína n-anailísí talmhaíochta caighdeánacha a sholáthródh cuid de na sonraí.

Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Is cuid de phacáiste beart é an togra seo arb é is aidhm dó go príomha an rómhaorlathas a laghdú d'oibreoirí eacnamaíocha. Tá sé i gcomhréir go hiomlán le bearta an Choimisiúin ar rialú níos fearr, agus le spriocanna an Chompáis iomaíochais chun iomaíochas níos mó agus athléimneacht eacnamaíoch a chur chun cinn san Aontas. Ní dhéanfaidh an cuíchóiriú a thugtar isteach leis na bearta sin difear do ghnóthú na gcuspóirí sa réimse beartais lena mbaineann ná do réasúnaíocht na ngníomhartha reachtacha

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagail 114 agus 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don togra. Tugann siad sin léiriú ar bhunúis dlí fholuiteacha na Rialachán a bhfuil sé beartaithe iad a athbhreithniú leis an togra seo. Is iad bunúis dlí Rialachán (AE) 2023/1542 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola Airteagal 114, agus Airteagal 192(1) maidir le hAirteagail 54 go 76 den Rialachán sin. Is é bunús dlí Rialachán (AE) 2024/1244 (‘an Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha’) Airteagal 192(1).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Glacadh *an Rialachán maidir le Ceallraí* mar aitheantas ar an éileamh ar cheallraí a bhfuil coinne leis sna blianta amach romhainn, ar ról straitéiseach ceallraí san aistriú domhanda i dtreo geilleagair dhícharbónaithe agus ar an ngá atá le margadh inmheánach feidhmiúil a bhunú agus saobhadh margaidh a sheachaint. Is é a rinne an Rialachán maidir le Ceallraí dáiríre, rialacha coiteanna a leagan amach maidir le hinbhuanaitheacht, feidhmíocht, sábháilteacht, bailiú, athchúrsáil agus dara húsáid ceallraí, chomh maith le rialacha coiteanna maidir le faisnéis i dtaobh ceallraí d’úsáideoirí deiridh agus d’oibreoirí eacnamaíocha. Ar na cúiseanna sin, tá údar le hathbhreithniú an Rialacháin ar fhorais choimhdeachta ar an gcaoi chéanna.

Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha: Is páirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus iad an tAontas agus na Ballstáit, lena n-aithnítear go rannchuidíonn rochtain mhéadaithe an phobail ar fhaisnéis chomhshaoil agus scaipeadh faisnéise den sórt sin go mór le feasacht níos fearr ar chúrsaí comhshaoil, le saormhalartú tuairimí, le rannpháirtíocht níos éifeachtaí ag an bpobal sa chinnteoireacht chomhshaoil agus, ar deireadh, le comhshaol níos fearr. Ina theannta sin, is Páirtí é an tAontas i bPrótacal Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) um Chláir Eorpacha ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán. Tá cás láidir ann go raibh gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun tairseach a bhunú chun astaíochtaí tionsclaíocha a thuairisciú agus go soiléir le haghaidh aon athbhreithniú ina dhiaidh sin. Thairis sin, is dócha go mbeidh méadú ar éifeachtúlacht na bpróiseas tuairiscithe agus cothroime do gach oibrí, cibé áit a bhfuil siad bunaithe san Aontas, mar thoradh ar chur chuige comhsheasmhach ar fud na mBallstát uile.

- **Comhréireacht**

I gcás na reachtaíochta maidir leis an ngeilleagar ciorclach, thabharfaí isteach leis an togra modhanna malartacha chun na cuspóirí beartais a bhaint amach, is é sin, a áirithiú go mbainistítear táirgí dramhaíola go hiomchuí ag deireadh a saolré ionchais.

An rogha chun ctuairisciú náisiúnta astaíochtaí agus úsáid acmhainní ag oibreoirí beostoic agus dobharshaothraithe a chur chun cinn, is rogha chomhréireach í sa mhéid is go mbeartaítear léi leas a bhaint as próisis atá ann cheana sa reachtaíocht agus, ar an gcaoi sin, a laghad athruithe a bheith ann agus is féidir.

- **An rogha ionstraime**

An rogha ionstraime iomchuí is ea togra le haghaidh Rialacháin ós rud é gur Rialacháin freisin is ea an reachtaíocht fholuiteach a fhéachtar a leasú leis an togra.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ghlac an Reachtóir athbhreithnithe ar na Rialacháin maidir le ceallraí agus an tairseach um astaíochtaí tionsclaíocha le déanaí bunaithe ar thograí ón gCoimisiún a raibh measúnuithe tionchair mar thacaíocht leo. Ní féidir meastóireacht a dhéanamh ag an gcéim seo toisc nach bhfuil go leor ama caite, agus toisc nach bhfuarthas go leor taithí phraiticiúil.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ghlac an Coimisiún páirt i gcomhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara, leis an tsochaí shibhialta, le húdaráis phoiblí agus le gnólachtaí, leis na Ballstáit agus le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear na hIdirphléití maidir le Cur Chun Feidhme, trí chruinnithe comhchéime le páirtithe leasmhara agus trí go leor cruinnithe ([3]). Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an togra seo, soláthraítear níos mó faisnéise maidir leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin éagsúla ar tugadh fúthu chun tacú le hullmhú an togra seo.

Déantar achoimre thíos ar na príomhghníomhaíochtaí comhairliúcháin.

Rinneadh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin seo a leanas chun an togra omnibus seo a ullmhú:

– Seimineár gréasáin ar líne maidir le tuairisciú comhshaoil (a rinne an sainchomhairleoir) an 13 Feabhra 2025 agus suirbhé ar líne ar na rannpháirtithe sa seimineár gréasáin thuas a d'aontaigh go rachfaí i dteagmháil leo chun críoch an tseimineáir.

– Glao ar fhianaise[6] don phacáiste omnibus comhshaoil ar oscailt le haghaidh aiseolais ón 22 Iúil 2025 go dtí an 10 Meán Fómhair 2025.

– Cruinniú comhchéime ardleibhéil maidir le dlíthe comhshaoil a shimpliú an 2 Deireadh Fómhair 2025.

Tharraing na comhairliúcháin níos ginearálta maidir le simpliú na reachtaíochta comhshaoil an-aird, aird ón bpobal i gcoitinne freisin.

Bhí 500 cláraí agus níos mó ná 300 rannpháirtí gníomhach ag an gceardlann thuasluaite ar líne a reáchtáladh an 13 Feabhra 2025[7]. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán spriocdhírithe leantach bhí níos mó ná 500 ionchur ann, ar de chineál sonrach go leor acu. Léirítear san ionchur a fuarthas roinnt de na simplithe beartaithe san omnibus.

Ba é an glao ar fhianaise maidir le simpliú comhshaoil a tharraing an aird ba mhó. D'fhoilsigh an Coimisiún glao ar fhianaise maidir leis an bpacáiste simpliúcháin comhshaoil ar an suíomh gréasáin 'Cloisimis Uait': Simpliú an ualaigh riaracháin sa reachtaíocht chomhshaoil. Mhair an tréimhse aiseolais ó 22 Iúil 2025 go 10 Meán Fómhair 2025. Foilsítear an t-aiseolas uile maidir leis an nglao seo ar fhianaise ar an tairseach 'Cloisimis uait'.

Bhí 190 998 aighneacht ann ar an nglao ar fhianaise, ar tháinig 189 751 (99.3 %) díobh ó shaoránaithe. Tháinig 1 247 (0.7 %) aighneacht ó eagraíochtaí nach saoránaigh, lena n-áirítear

6 Simpliú an ualaigh riaracháin sa reachtaíocht chomhshaoil

7 Tuairisciú agus Simpliú Comhshaoil - Trinomics

gnólachtaí agus comhlachais ghnó, eagraíochtaí neamhrialtasacha (comhshaoil agus eile), údaráis phoiblí agus acadóirí. Cuireadh 622 cheangaltán, páipéir sheasaimh den chuid ba mhó, i gceangal leis na haighneachtaí sin, a raibh moltaí iontu go minic.

Ó thaobh an ghnó de, tá tacaíocht ann do rialáil nach mbeadh ualach níos lú ag baint léi, rud a fhágann go bhfuil an tsolúbthacht ag gnólachtaí chun fás agus táirgeadh inbhuanaithe araon a bhaint amach. Tá tuiscint ann ar oibleagáidí riaracháin atá ró-shaintreorach, agus nach gcuireann breisluach ar fáil.

Ó thaobh na sochaí sibhialta de, tá tacaíocht ann do shimpliú a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca an comhshaol agus caighdeáin shóisialta a chosaint agus dírialáil a sheachaint, mar shampla trí iomarcaíochtaí a bhaint agus trí rialacháin ró-mhionsonraithe a sheachaint. Tá imní ann áfach go bhféadfadh iarrachtaí chun rialacháin a shimpliú an bonn a bhaint de chosaintí comhshaoil. D'áitigh na saoránaigh ar an Aontas díriú ar dhlíthe atá ann cheana a fhorfheidhmiú seachas simplithe nua a chruthú.

Is fiú a thabhairt faoi deara go ndearna an Coimisiún comhairliúcháin agus gur ullmhaigh sé measúnú tionchair mar thacú leis an athbhreithniú spriocdhírithe ar an Rialachán maidir le clárú, meastóireacht agus údarú ceimiceán, a mheastar go mbeidh comhpháirt shimplithe shubstaintiúil ann. Ar an gcaoi chéanna, tá measúnú tionchair á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair chun tacú le hullmhú an Ghnímh um an nGeilleagar Ciorclach in 2026. Leis an measúnú sin bainfear úsáid as gníomhaíochtaí comhairliúcháin leanúnacha lena gcumhdófar freisin simpliú na reachtaíochta atá ann cheana (a bhaineann le dramhaíl agus leis an ngeilleagar ciorclach).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Mar a léirítear thuas, rinne an Coimisiún conradh le soláthraí seirbhíse seachtrach chun saineolas a sholáthar a bhaineann leis an togra seo. Go sonrach, tá an conraitheoir ag déanamh scagtha ar an gcorpas dlíthe comhshaoil aitheanta chun oibleagáidí tuairiscithe agus oibleagáidí riaracháin eile a shainaithint, mar aon leis an bhféidearthacht na hoibleagáidí sin a shimpliú. Ina theannta sin, chuir an conraitheoir cúnamh ar fáil chun na laghduithe ar chostais na mbeart féideartha a chainníochtú chun forálacha sa phacáiste omnibus a shimpliú. Foilseofar an fhaisnéis ar fad a chuirfidh an conraitheoir ar fáil.

- **Measúnú tionchair**

Níor ullmhaíodh measúnú tionchair go príomha ós rud é go bhfuil na leasuithe atá beartaithe an-sonrach agus gur beag rogha atá ar fáil chun na saincheisteanna bunúsacha a réiteach. Mar sin féin, tá doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an togra seo. Tugtar údar ann le gnéithe éagsúla an togra agus cuireann sé faisnéis chainníochtúil i láthair maidir leis na tionchair a bhfuiltear ag súil leo nuair is féidir. Cuirtear i láthair ann freisin tuairimí agus ionchur na bpáirtithe leasmhara a fuair an Coimisiún.

Rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht an togra seo leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) agus le spriocanna aeráide 2030 agus 2040 an Aontais. Tá an togra seo comhsheasmhach leis na cuspóirí sin, chomh maith le dul chun cinn a áirithiú maidir le hoiriúnú.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), áirithíonn an Coimisiún go bhfuil a reachtaíocht oiriúnach dá feidhm, go bhfuil sí dírithe ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus go n-íoslaghdaíonn sí ualaí agus a cuspóirí á mbaint amach aici an tráth

céanna. Dá bhrí sin, tá an togra seo mar chuid den chlár REFIT agus tá sé go hiomlán comhleanúnach leis.

Déantar na coigiltis a bhaineann leis na hathruithe ar na Rialacháin a mheas tríd an tSamhail Chostais Chaighdeánach a úsáid agus áirítear leo EUR 70 milliún don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. I gcás an Rialacháin maidir le Ceallraí, is mar thoradh ar an téacs dlíthiúil a shoiléiriú atá an tairbhe ann.

- **Cearta bunúsacha**

Ní mheastar go mbeidh aon drochthionchar ann.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl infheidhme.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá na hathruithe atá beartaithe an-sonrach agus infheidhme go díreach agus ní bheidh gá le pleananna cur chun feidhme a bheith mar thacaíocht dóibh. Déanfar measúnú ar na tionchair in am trátha ar ndóigh de réir an ghnáthbhealaigh a ndéantar meastóireacht ar an reachtaíocht fholuiteach mar chuid de bheartas an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr ar fud an timthrialla beartais.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar le haghaidh Rialacháin atá infheidhme go díreach.

- Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Leagtar amach in Airteagal 1 leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1542.

Leagtar amach in Airteagal 2 leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/1244.

2025/0397 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 agus Rialachán (AE) 2024/1244 a mhéid a bhaineann le simpliú roinnt ceanglas agus laghdú ar an ualach riaracháin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna treoirlínte polaitiúla le haghaidh théarma 2024−2029 an Choimisiúin[3], sonraítear an sprioc maidir leis an reachtaíocht a shimpliú chun deireadh a chur le haon fhorluí agus contrárthacht agus ardchaighdeáin á gcoinneáil ar bun agus an fód á sheasamh an tráth céanna maidir leis na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip[4].

(2) Mar fhreagairt ar thuarascáil Draghi 2024[5] ina dtugtar le fios go bhfuil bacainní rialála agus an t-ualach riaracháin rialála ar na príomhdhúshláin, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM), sainaithnítear leis an gCompás Iomaíochais[6] sraith cumasóirí cothrománacha chun bonn taca a chur faoin iomaíochas, lena n-áirítear an timpeallacht rialála a shimpliú, an t-ualach a laghdú agus tús áite a thabhairt do luas agus do sholúbthacht.

---

1 IO C , , lch. .

2 IO C , , lch. .

3 Rogha na hEorpa, Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024−2029, Ursula von der Leyen

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019, 'An Comhaontú Glas don Eoraip', COM/2019/640 final.

5 Draghi, M. (2024), *The future of European competitiveness* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa]. Le fáil ag: Tuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 29 Eanáir 2025, Clár Iomaíochais don Aontas, COM(2025) final.

(3) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2025 dar teideal ‘Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Sa Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú’,[7] leag an Coimisiún Eorpach amach fís do chlár oibre maidir le cur chun feidhme agus simpliú lena gcuirtear feabhsuithe tapa infheicthe ar fáil do dhaoine agus do ghnólachtaí ar an láthair. Tá níos mó ná cur chuige céim ar chéim ag teastáil chuige sin agus tá an tAontas le gníomhú go ceannasach chun an sprioc sin a bhaint amach. Beidh ar an gCoimisiún, ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle, ar údaráis na mBallstát ar gach leibhéal agus ar pháirtithe leasmhara oibriú le chéile chun rialacha an Aontais, rialacha náisiúnta agus rialacha réigiúnacha a chuíchóiriú agus a shimpliú agus chun beartais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí.

(4) I gcomhthéacs ghealltanas an Choimisiúin maidir le hualaí tuairiscithe agus costais chomhlíontachta a laghdú, idir-inoibritheacht a chur chun cinn, agus an t-iomaíochas a fheabhsú, is gá leasú a dhéanamh ar fhorálacha áirithe a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2023/1542[8] agus (AE) 2024/1244[9] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus cuspóirí beartais[10] an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Maoiniú Inbhuanaithe á gcoinneáil ar bun an tráth céanna[11].

(5) D’fhonn comhleanúnachas a choinneáil leis na hionstraimí bunaidh agus chun an rún reachtach a chaomhnú, tá na leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1542 bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh agus tá na leasuithe ar Chaibidil VIII de Rialachán (AE) 2023/1542 agus ar Rialachán (AE) 2024/1244 bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh.

(6) D’fhonn a áirithiú, maidir leis na hoibreoirí uile gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáidtear, go gcumhdaítear iad leis an sainmhíniú ar tháirgeoir i Rialachán (AE) Uimh 2023/1542, ba cheart a shoiléiriú maidir le monaróir, allmhaireoir nó dáileoir nó aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach eile a dhíolann ceallraí i mBallstát agus atá bunaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír, go gcáilíonn sé mar tháirgeoir ní amháin nuair a bhítear ag díol trí bhíthin cianchonarthaí.

(7) De bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2023/1542, ba cheart lipéad a bheith ar cheallraí le cur in iúl gur ann do shubstaintí guaiseacha. I gcomhréir le hAithris (44) den rialachán sin, is gá tuilleadh beachtais a chur isteach maidir le raon feidhme na

---

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Feabhra 2025, ‘Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú’, COM/2025/47 final.

8 Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/io).

9 Rialachán (AE) 2024/1244 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le tuairisciú sonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha, lena mbunaítear Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 (IO L, 2024/1244, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1244/io).

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019, ‘*An Comhaontú Glas don Eoraip*’, COM/2019/640 final.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 8 Márta 2018, ‘*Action Plan: Financing Sustainable Growth*’ [Plean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú], COM/2018/097 final.

substaintí is gá a lipéadú trí thagairt a dhéanamh do shubstaintí arb údar mór imní iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 nó Rialachán (CE) 1272/2008.

(8) An ceanglas ceallraí modhanna éadroma iompair agus ceallra-phacaí a bheith inbhainte agus in-athsholáthraithe ar leibhéal na cille, d'fhéadfadh sé ceisteanna sábháilteachta a thabhairt i gceist nach raibh coinne leo i gcás nach gcuirtear cealla ceallraí eile in ionad cealla ceallraí fabhtacha sna dálaí cearta. Dá bhrí sin, chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an tslándáil agus an indeisitheacht, ba cheart ceallraí modhanna éadroma iompair agus ceallra-phacaí modhanna éadroma iompair a bheith inbhainte agus in-athsholáthraithe ag gairmithe neamhspleácha ar leibhéal an mhodúil.

(9) Le Rialachán (AE) 2023/1542 ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a fhoilsiú maidir le torthaí an athbhreithnithe ar an bhfaisnéis a sholáthair na Ballstáit. Sa chleachtas, bhí Airteagal 76(4) ró-shaintreorach agus d'fhág sé sin go bhfuil gá le hanailís ar shonraí maidir le cur chun feidhme ag tráth nach bhfuil i gcomhréir leis na timthriallta meastóireachta, agus nach gcumhdaítear léi ach cuid den fhaisnéis. Dá bhrí sin, ba cheart an ceanglas sin a scriosadh chun gur féidir athbhreithniú sonraí níos solúbtha a bheith ann. Is cuid dhílis de na próisis rialachais laistigh den Aontas í an chinnteoireacht eolasach. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí arna tuairisciú ag na Ballstáit.

(10) D'fhonn na ceanglais atá ar oibreoirí agus ar chuideachtaí a shimpliú, agus an t-ualach riaracháin a laghdú a eascraíonn as an tuairisciú de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1244, agus caighdeáin choibhéiseacha á gcoinneáil ar bun an tráth céanna a mhéid a bhaineann le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, is iomchuí a cheadú do na Ballstáit oibreoirí táirgthe beostoic agus oibreoirí suiteálacha dobharshaothraithe a dhíolmhú ó thuairisciú maidir le haistrithe dramhaíola ón láithreán, aistrithe truailleán i bhfuíolluisce ón láithreán, an méid táirgeachta agus líon na n-uaireanta oibriúcháin, ar choinníoll gur féidir an fhaisnéis sin a bhailiú ar mhodhanna eile, i bhfianaise na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán sin. Thairis sin, chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí táirgthe beostoic agus ar oibreoirí suiteálacha dobharshaothraithe a íoslaghdú, níor cheart a cheangal orthu tuairisciú maidir le húsáid uisce, fuinnimh agus amhábhar ábhartha.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1244 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1542

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3(1) mar a leanas:

(a) i bpointe (47), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) díolann sé ceallraí, lena n-áirítear na ceallraí sin atá ionchorpraithe i bhfearais, i modhanna éadroma iompair nó i bhfeithiclí eile, go díreach le húsáideoirí deiridh, cibé acu an teaghlaigh phríobháideacha iad nó nach teaghlaigh phríobháideacha iad, i mBallstát, agus tá sé bunaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír;' (b) cuirtear an pointe (69) seo a leanas isteach: ciallaíonn 'substaint arb údar mór imní í' aon substaint a

chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 59(1) den Rialachán sin, nó aon substaint a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus a liostaítear in Iarscríbhinn VI de Rialachán (CE) 1272/2008.'

(2) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Áiritheoidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann táirgí ar an margadh ina n-ionchorpraítear ceallraí modhanna éadroma iompair go mbeidh gairmí neamhspleách tráth ar bith le linn shaolré an táirge in ann na ceallraí sin, chomh maith le modúil ceallraí aonair a áirítear sa phacáiste ceallra, a bhaint nó a athsholáthar go héasca;'

(3) in Airteagal 76(4), scriostar an dara, an tríú agus an ceathrú habairt.

(4) In Iarscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8 i bPáirt A:

(5) '8. na substaintí arb údar mór imní iad de réir bhrí Airteagal 3 (1) (69) atá sa cheallra, seachas mearcair, caidmiam agus luaidhe, i dtiúchan atá cothrom le 0,1 % meáchan de réir meáchain (w/w) nó os a chionn.'

(6)

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/1244

In Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2024/1244, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

'9. Na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (d), ní bheidh feidhm acu maidir le hoibreoirí suiteálacha ina ndéantar gníomhaíochtaí dá dtagraítear i rónna 2 go 7 d'Iarscríbhinn I ('oibreoirí suiteálacha táirgthe beostoic agus dobharshaothraithe').

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an scaoileadh a dhéantar d'aon ghnó dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), a chainníochtú iad féin thar ceann oibreoirí suiteálacha táirgthe beostoic agus dobharshaothraithe. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 8 maidir leis na hoibreoirí sin i leith scaoileadh den sórt sin.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh oibreoirí táirgthe beostoic agus oibreoirí suiteálacha dobharshaothraithe a dhíolmhú ó thuairisciú maidir le haon cheann de na nithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (b), (c), (e), (f) agus (g), den Airteagal sin, ar choinníoll gur féidir leis na Ballstáit an fhaisnéis sin a bhailiú ar mhodhanna eile chun a gceanglais de bhun Airteagal 7 a chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 8 den Airteagal seo maidir leis na hoibreoirí sin i leith nithe den sórt sin.'

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann 3

1.3. Cuspóirí 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne sin, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 28
3.2.7. Rannchuidiú tríú páirtí 28
3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha 30
4.2. Sonraí 30
4.3. Réitigh dhigiteacha 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach 32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1244 a mhéid a bhaineann le simpliú roinnt ceanglas agus laghdú ar an ualach riaracháin

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

an Comhshaol An Comhaontú Glas don Eoraip

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is iad na cuspóirí ginearálta a shaothraítear leis an togra reachtach seo eilimintí áirithe de Rialacháin (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1244 a shimpliú agus a shoiléiriú chun ceanglais táirgeoirí agus monaróirí a shoiléiriú a mhéid a bhaineann le ceallraí agus ualach a laghdú ar oibreoirí áirithe faoi raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha a mhéid a bhaineann le tuairisciú. Tríd an ualach riaracháin agus na costais chomhlíonta a laghdú a bhaineann le ceanglais theicniúla agus tuairiscithe, tá sé beartaithe leis an togra seo comhréireacht an chreata a áirithiú agus ardchaighdeáin cosanta comhshaoil á gcoinneáil ar bun an tráth céanna.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóirí sonracha na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2023/1542 a chuimsítear sa togra seo, tá sé d'aidhm acu na torthaí seo a leanas a bhaint amach: An sainmhíniú táirgeora a leasú le haghaidh cianchonarthaí Ceallra-phacaí a eisiamh ó cheanglais inbhainteachta agus in-athsholáthraitheachta Simpliú an tuairiscithe iomarcaigh ón gCoimisiún Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2024/1244 a chuimsítear sa togra seo: - oibreoirí beostoic agus dobharshaothraithe a dhíolmhú ó thuairisciú maidir le húsáid uisce, fuinnimh agus ábhar. - a cheadú do na Ballstáit oibreoirí táirgthe beostoic agus oibreoirí suiteálacha dobharshaothraithe a dhíolmhú ó thuairisciú maidir le haistrithe dramhaíola ón láithreán, aistrithe truailleán i bhfuíolluisce ón láithreán, an méid táirgeachta agus líon na n-uaireanta oibriúcháin, ar choinníoll gur féidir leis na Ballstáit an fhaisnéis sin a bhailiú ar mhodhanna eile. Dá mba rud é go gcomhlíonfaí an coinníoll sin, cheadófaí do na Ballstáit tuairisciú maidir leis na gnéithe sin thar ceann oibreoirí aonair beostoic agus dobharshaothraithe.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe / grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2023/1542, rachaidh siad chun tairbhe do réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear táirgeoirí ceallraí. Beidh soiléireacht ag táirgeoirí go gcumhdaítear na táirgeoirí uile, gan beann ar an teicníc díolacháin a úsáidtear, sa sainmhíniú ar tháirgeoir i Rialachán (AE) 2023/1542. Cruthóidh sé sin deimhneacht dhlíthiúil maidir le cé na táirgeoirí a bhfuil freagracht leathnaithe táirgeora orthu. Le heisiamh ceallra-phacaí ó cheanglais inbhainteachta agus in-athsholáthraitheachta, cruthófar deimhneacht dhlíthiúil do mhonaróirí ceallraí agus tabharfar aghaidh ar ábhair imní i gcás nach gcuirtear cealla ceallraí eile in ionad cealla ceallraí fabhtacha sna dálaí cearta.

Na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2024/1244, meastar go rachaidh siad chun tairbhe d'oibreoirí táirgthe beostoic agus oibreoirí suiteálacha dobharshaothraithe trína n-ualach tuairiscithe a mhaolú.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn chun maidir le cuspóirí sonracha an togra a bhaint amach, féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí malartuithe a eagrú leis na Ballstáit i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear fóraim atá ann cheana a úsáid. 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a thagann i ndiaidh treoirthionscadail / réamhbhirt[19]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☒ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Ní bhaineann le hábhar1.5.2. Breisluach AE (tá tosca éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne sin, is é a chiallaíonn 'breisluach AE' an luach a thagann as gníomhaíocht an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Tá sainmhíniú táirgeora i Rialachán (AE) 2023/1542 cheana féin. Leis an leasú soláthrófar deimhneacht dhlíthiúil maidir le cé a chumhdaítear leis an sainmhíniú. An ceanglas inbhainteachta agus in-athsholáthraitheachta atá ann faoi láthair do cheallraí modhanna éadroma iompair faoi Rialachán (AE) 2023/1542, ba le leibhéal na cille a bhain sé. Beidh deimhneacht dhlíthiúil ag monaróirí ceallraí maidir leis an leibhéal ceanglas inbhainteachta agus in-athsholáthraitheachta do cheallraí modhanna éadroma iompair agus glacfar cur chuige comhordaithe ar fud an Aontais.

Is é is aidhm do na leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/1244, gnóthachain de thoradh comhordú agus comhlántacht níos mó maidir le tuairisciú a áirithiú trí shoiléiriú a

[19] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

dhéanamh ar an méid atá le tuairisciú ag oibreoirí beostoic agus dobharshaothraithe nó ag na Ballstáit.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Ní bhaineann le hábhar

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Ní bhaineann le hábhar

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Ní bhaineann le hábhar

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

